



# An Caomhnoir

Nuachtáitir Fhondúireacht an Bhlascaoid 2012

Uimh. 32

€5.00

Céiliúradh Mháire Mhaith – Ealaín Simonds-Gooding  
Féach Ich. 8



Tomás Ó Lúing, Treoráí, ionad an Bhlascaoid, i mbun cainte ar an Oileán  
le daltaí Scoil Bhaile an Fheirtéaraigh le linn an tsamhraidh (féach Ich 4).

## Focal ón gCathaoirleach



Tá na blianta ag sleamhnú leo go tapaidh ón am gur chéad bunaíodh Fondúireacht an Bhlascaoid i 1986. Táimid go léir ag treabhadh linn i gcónaí, ag coiméad oidhreacht an Bhlascaoid agus ar ndóigh an tábhacht a bhaineas lena caomhnú os comhair súile pobal na hÉireann agus go deimhin féin muintir an domhain mhór go léir.

Táimid buíoch gur cuireadh beagán airgid ar fáil chun obair chaomhnaithe a dhéanamh ar an oiléan féin i rith na bliana agus tá súil againn go leanfar leis an obair seo go bliantúil. Deinimid comhghairdeas ó

chroí le Coiste Eagraithe Ceiliúradh an Bhlascaoid na bliana seo : níl amhras ná gur deineadh cad é cíoradh ar chúrsaí Ealaíona san Oileán i rith na deireadh seachtaine i Meán Fómhair .

Fógraíodh buaiteoirí Sparántacht an Bhlascaoid ag an ócáid sin freisin. Guímid gach rath ar na buaiteoirí , Colm Ó Gealbháin agus Aisling Ní Shúilleabháin, scoláirí ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne atáanois beirt ag staidéar i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Bail ó Dhia ar an Dr Mícheál Ó Cearna, iar-Bhlascaodach ó Springfield, Mass., a chuir an Sparántacht seo ar bun le tacaíocht a chlainne agus a chairde agus a tháinig an tslí go léir abhaile treasna an Atlantaigh chun an chéad bhronnadh a dhéanamh.

Míle buíochas dár gcáirde go léir a thacaíonn linn bliain in aghaidh bliana agus dóibh siúd a thugann urraíocht nó a chabhraíonn in aon slí leis an gCeilúradh nó leis an gCaomhnóir. Buíochas do Mhícheál de Mórdha, Bainistoir ionad an Bhlascaoid agus dá fhoireann agus do Oifig na nOibreacha Poiblí as a gcomhoibriú rialta. Is é ár nguí ná go mbeimid go léir beo ar an am seo arís ag treabhadh linn ar scáth a chéile ar son oidhreacht an Bhlascaoid.

– Pádraig Firtéar

## Ceamara Aimsire de chuid TG4 curtha i bhfearas san ionad

I samhradh na bliana seo cuireadh ceamara aimsire de chuid TG4 i bhfearas in ionad An Bhlascaoid Mhór agus tá earraíocht á baint as go rialta ar chláir aimsire an stáisiúin. Is í Lís Ní Dhálaigh, atá ar fhoireann sinsearach bainistíochta TG4, a bheartaigh go mbeadh a leithéid de fhearas san ionad agus is í a thug an tionscnamh chun foirfeachta. Ar ndóigh, is ó Bhaile Icín, Dún Chaoin, í iníon Ní Dhálaigh ó dhúchas agus bhí sí ag obair mar threoraí/oifigeach eolaíos ar feadh scaithimh san ionad i 1993 – an chéad bhliain a osclaíodh é.

Tá an ceamara curtha i bhfearas i mbialann an ionaid agus é dírithe amach ar an mbaile ar an mBlascaod Mór.

Is féidir pictiúir ón gceamara seo a fháil i rith an lae ar fad, gach lá, ar suíomh idirlín an stáisiúin. Is féidir na pictiúir seo a fheiceáil in aon áit ar fud an domhain, a bhfuil fáil ar an idirlón, ach an méid seo a leanas a dhéanamh ar do ríomhaire: téigh go [>cláir>aimsir>fómhánn>dúnchaoin.](http://www.tg4.ie)

Má bhíonn an lá breá geal glan, tá léargas an-mhaith le fáil ar an oiléan agus ní i gcónaí a bhíonn a leithéid d'aimsir sa pharóiste is sia siar in Éirinn agus bíonn braonacha móra báistí ceangailte den cheamara! Do sheol Pól Ó Gallchóir, Ceannasaí TG4, an ceamara aimsire go hofigíúil le linn Cheiliúradh na bliana seo.

“Is mór an tairbhe a leithéid d'áis a bheith againn anseo agus sinn ag



iarraidh coimeád suas leis na hathruithe teicneolaíochta atá ag gabháil in ár dtreo gach lá anois. Aon duine atá ag iarraidh léargas a fháil ar an aimsir a bhíonn anseo againn, ní gá dó ach féachaint ar shuíomh idirlín TG4. Gabhaim buíochas le gach duine i TG4 agus le gach duine de fhoireann an ionaid a bhí páirteach sa tionscnamh is gura fada buan é,” a dúirt Mícheál de Mórdha, Stiúrthóir an ionaid.

An Caomhnóir © 2011  
Foilsithe ag Fondúireacht an Bhlascaoid le tacaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Oifig Chláraithe: f.ch. Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.  
In eagair ag Bernie Firtéar  
agus Máire Uí Ainín.  
Clóchur 7 Dearadh: Inné, Dún Chaoin.  
Clódóirí: Kingdom Printers, Trá Lí.

### San Eagrán Seo

Turas Scoile .....	4
Ceiliúradh 2011 .....	5
An Chéad Dá Sparántacht .....	7
Maria Simonds-Gooding .....	8
An Béal Bocht .....	10
Il était une fois dans l'Ouest .....	11
An tOileán sa Saol Leictreonach ...	13
L'homme des îles .....	14
Taispeántas Nua Ghrianghraf .....	14
Máistreas Cniotála .....	15
Michael D. San Ionad .....	15
Aimsiú na Scairte .....	16
Tír na nÓg .....	18
“Bofar” Re-Union .....	19
All Alone .....	20
A Walk with Seals .....	22
Mianaigh Blaenavon .....	23
Baill na Fondúireachta .....	24
An tlonad agus an tOireachtas .....	25
Imeachtaí 2011 san Ionad .....	26
Ar Shlí na Fírinne .....	27

## Oibreacha Cothabhála agus Caomhnaithe tosnaithe ar an mBlascaod

Mícheál de Mórdha  
Stiúrthóir Ionad an Bhlascaoid

Céim mhór chun cinn i bplean bainistíochta an Bhlascaoid Mhór is ea gur tosnaíodh i rith an tsamhraidh i mbliana ar oibreacha cothabhála agus caomhnaithe ar chuid de shean fhothracha an oileáin sin. Go deimhin, ba sprioc mhór ar chlár an phlean bainistíochta é na hoibreacha caomhnaithe a chur i bhfeidhm. Do bhí gach dream a raibh baint acu leis an mBlascaod go mór ar son na n-oibreacha a chur i gcrích in am tráth agus bhí áthas ar gach duine gur chuathas i mbun an fhiontar seo ar deireadh thiar.

Go luath i mbliana do cheap rannóg na Sealúchas Stairiúla de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí an t-ailtire Brendan Cormican i mbun an tionscnaimh, i gcomhar le John Healy, Cúntóir Ailtireachta agus baill de fhoireann an Ionaid. Do chuir an tUas. Cormican pleán agus criú le cheile agus foistaíodh an t-ailtire Paul Arnold agus an t-innealtóir comhairleach, Jack O'Leary ar an tionscnamh, mar chomhairleoirí ar leith.

Mar thoradh ar an bplean a cuireadh ábalta ar obair an-fhóntha a dhéanamh le cheile do rinne Oifig na nOibreacha ar an bhfothrach seo. Mar gheall ar Poiblí suim airithe airgid a sholáthar agus beartaíodh tairiscintí a iarraidh ar roinnt conraitheoirí tógála san lardheisceart agus ceapadh comhlacht

Michael Scanlon & Sons, ón Scrogán, Caisleán Ghriaire, chun dul i mbun na hoibre.

Tosnaíodh ar an obair ar an 25 Iúil agus, in ainneoin na droch aimsire a bhí ann i mbliana, do rinneadh dul chun cinn suntasach.

"Bhí orainn an modus operandi a bheartú agus roinnt trialacha a dhéanamh maidir le hábhar tátháin a bheadh oiriúnach d'ailtireacht an Bhlascaoid – sula ndéanfaí aon obair chothabhála in aon chor. D'éisigh linn an méid sin a dhéanamh gan mórán dua agus túis an-mhaith ba ea é sin. Obair cheannródaíoch agus uaillmhanach ba ea an chuid seo den saothar – mar níl a macasamhail déanta in aon áit eile sa chóngar ná i gcéin, dar liom.

Nuir a bhí an méid sin réitithe againn, do chuamar i mbun na hoibre cothabhála ar roinnt de na foirgnimh, de réir mar a chonaiceamar chugainn agus uainn. Ar na foirgnimh sin tá An Dáil agus bhíomar an-sásta go rabhamar

ar an bhfothrach seo. Mar gheall ar seo, do bhí ar ár gcumas an fál cosanta a bhí timpeall ar An Dáil a thogaínt uaidh ar fad.

An rud ba mheasa mar gheall ar an obair seo ba ea an aimsir – go deimhin, do bhí an-droch aimsir againn, ach go háirithe i Meán Fómhair agus bheadh tuilleadh oibre déanta againn, mura mbeadh sin.

Ach do bhí ar ár gcumas roinnt mhaith oibre a dhéanamh ar fhothraigh eile a bhí go mór ina ngátar agus tá cuid mhaith foghlamtha againn, dá barr seo. Tá sé i gceist againn leanúint leis an obair arís an bhliain seo chugainn, má tá na pingíní ar fáil chuige sin agus bheinn an-dóchasach go mbeadh formhór na hoibre caomhnaithe tugtha chun críche faoi dheireadh 2012," arsa an tUas. Cormican.

Do bhí timpeall le 30 tigh cónaithe ar an mBlascaod Mór an lá ab fhéarr a bhí an pobal ansin agus timpeall le 65 foirgneamh ar fad. Sa bhliain 1953/54 d'aistrigh pobal an Bhlascaoid chun cónaithe amach go Dún Chaoin agus áiteanna eile agus de réir a cheile do rinne an saol agus an aimsir fothraigh

fholamha de fhormhór na bhfoirgneamh a d'fhág na daoine ina ndiaidh. Is é bun agus barr an phlean caomhnaithe go ndéanfaí na foirgnimh ar fad atá anois i seilbh Oifig na nOibreacha poiblí a chur i riocht ná chuirfeadh cuairteoirí i mbaol agus iad a "reo" díreach mar atá siad – i gcuimhne ar an bpobal a mhair tráth ar an Oileán Tiar.



## Turas Scoile ar an mBlascaod

*le Jeaic Ó Cinnéide Pender  
Rang 6, Scoil an Fheirtéaraigh*

Maidin fhuar, fhliuch, Luain ar an 20ú Bealtaine 2011, chuaign leanaí rang a cúig agus a sé ó Scoil n' Fheirtéaraigh ar thuras isteach go dtí an mBlascaod Mór. Fuaireamar bád ó ché an Daingin. Bhí sé níos fusa dul isteach ón Daingean toisc cúrsáí aimsire. Sular chuamar isteach bhíomar an-sásta mar go bhfuireamar uachtar reoite deas ag barr an ché. Ba é Paul Duffy, a bhfuil cónaí air i mBaile an Fheirtéaraigh Thiar a bhí ag stiúradh an bháid agus bhí sé an- dheas. Chomh maith le Paul bhí treoirí againn, Tomás Ó Lúing ó Ionad an Bhlascaoid. Bhí sé lán de scéalta agus an- eolas aige ar gach rud a bhain leis an mBlascaod.

B'íad 'Cairde na Scoile' a d'eagraigh an turas. Agus sinn ag gabháil amach ar an bhfarraige, chonaiseamar pluais Funghi i mBéal Bhá an Daingin agus de réir a chéile fuaireamar radharc ar na Blascaodaí – Inis Mhic Uibhleán agus gan dabht an Seanduine. Agus sinn ag teacht i dtreo an Bhlascaod Mhóir, bhí Tomás ag cur síos dúinn ar an mbád san, an Santa Maria de la Rosa a chuaigh go tóin poill le linn tréimhe an Armada.

Chomh maith le Tomás agus Paul, bhí múinteoirí na scoile inár dteannta – Rob Mac Gearailt agus an



Ag sníomh le Sue Redican.

Ó chlé, Catherine Lawless, Katie Nic Gearailt, Tara Nic Gearailt, Aleesha Ruck.

Príomhoide, Máirín Bn. Uí Chonchúir. Taitníonn an Blascaod go mór liom Tháinig roinnt tuismitheoirí chomh mar tá sé an- shuaimhneach. Chuireas maith, ina measc, mo mháthair Dairena, Áine Bric, Susan Uí Bheaglaoí agus an dTráigh Bhán ach n'fhacamar aon cheann acu ann an lá san. Bhí asail

Isteach linn ar an oileán agus istigh ann chomh maith. chuamar ar turas breá timpeall na háite – ó bhun go barr an bhaile – agus Tomás ag cur síos dúinn ar cérbh iad na daoine a mhair sna tithe éagsúla. Daoine ar nós Tomás Ó Criomhthain agus Muiris Ó Súilleabhaín, An Rí (a bhfuil gaol agam leis) agus na fothraigh eile ar nós na seanscoile agus an Dáil.

Taispeáineadh dúinn na hoileáin bheaga, Inis na mBró, An Tiaracht, agus Beiginis. Thógamar scata grianghraif ionas go mbeadh taifead againn ar an lá speisialta seo. Ansan shuíomar síos go sásta chun picnic a ithe agus bhí sé blasta!

Agus sinn ag druidim i dtreo deireadh ár dturais, dhein Sue Redican taispeántas fiodóir-eachta dúinn. Í suite taobh amuigh den tigín beag deas ina mbíonn sí ag fanacht in aice an tobair. Bhí sé an-suimiúil.

Síud linn thar nais síos go dtí bun an bhaile agus an cé go n-aimsíomar an bád le haghaidh a thabhairt abhaile. Bhí gliondar inar gcroíthe is sinn ag filleadh agus spraoi iontach againne (na leanaí) sna borrtháí breátha agus an tuisce sáile a bhí ag éirí san aer. Fuaireamar báite fliuch, ach ba chuma linn, bhí lá fontach againn go léir.



Príomhoide Scoil an Fheirtéaraigh, Máirín Uí Chonchúir le leanaí rang a 5 agus 6 chomh maith leis na tuismitheoirí Orfhlaithe Ruiséalaí, Áine Bric agus an treoráí Tomás Ó Lúing.  
Tá an t-údar, Jeaic Ó Cinnéide Pender, chun tosaigh, an dara duine ar chlé.

# Ceiliúradh an Bhlascaoid 2011



Pict: Micheál de Mórdha

Is ar an téama “Na Blascaodaí agus na hEalaíona” a tionóladh Ceiliúradh an Bhlascaoid san Ionad ar an deireadh seachtaine ón 23ú-25ú Meán Fómhair agus bhailligh slua mór chun na hoscailte le héisteacht leis an aisteoir agus bainisteoir ealaíne ón nGaillimh Páraic Breathnach ag cur túis leis na himeachtaí, is é ag déanamh compráid go fileata idir Oileán Mhacdara Chonamara agus an Blascaod.

Lean caint iontach ón ealaíontóir Maria Simonds-Gooding, a raibh mórsaothair a saoil mar thaispeántas reatha crochta ó thíos an tSamhraidh – an tIonad mar áilleár. *Maria gave an enthralling and insightful account to a packed*

*auditorium of her experiences visiting the Blaskets and her life in Dún Chaoin, her adopted home and the evolution in her approach to making art.* Bhain gach duine sásamh thar na bearta as an gcaint agus an bhfáiltí blasta a bhí ullmhaithe ag Christy Mac Gearailt agus a fhloireann ina dhiaidh.

Ar moch an lae Sathairn tugadh caint a thug léargas breise ar shaothar Simonds-Gooding in aitheasc Catherine Marshall dár teideal “Irish Modernism – the periphery and the art of Maria Simonds-Gooding” inar chuir sí saothair Mháire Mhaith, mar a thugtar uirthi, i gcomhtheacs an státse domhanda nua-aoiseach ealaíona agus conas mar a chuir sí áit agus ábhar imeallach mar Chorca Dhuibhne ar taispeáint trína cuid oibre (féach Ich. 8). *Catherine Marshall is a leading art-historian and author and her erudite dissertation on her friend Maria Simmonds Gooding's art complemented Maria's own talk the previous night.*

Chróchnaigh maidin Dé Sathairn le caint ón léiritheoir scannánafochta Brenda Ní Shúilleabhadh a dhein cíoradh ar na slite inar cuireadh íomhána don Oileán Tiar os comhair an phobail i gcaitheamh na mblianta. Féasta saibhir mar sin ag an tinreamh an-mhór a bhí ar an gCeiliúradh a bhí spreagúil agus smaoointeach ós na cainteoír ar fad agus a ghníomhán comhrá agus ceisteanna i dtaoibh na n-ábhar a bhí faoi chaibidil.

Bhí fáilte mhór roimh an Dr Micheál Ó



Páraic Breathnach a d'oscail an Ceiliúradh go hoifigiúil agus Pól Ó Gallachóir, Ard-Stiúrthóir TG4

Pict: Micheál de Mórdha

Cearna, tagaithe lena chlann arís chughainn ó Springfield Mass. na Stáit Aontaithe leis an gcéad bhronnadh a dhéanamh ar Sparántachtaí an Bhlascaoid ar beirt scoláirí as Pobalscoil Chorca Dhuibhne, Aisling Ní Shúilleabhadh agus Colm Ó Gealbháin. Ba bhreá an rud é Micheál a fheiscint is é go maith ábalta cur síos ar an mbunús leis an Sparántacht thabdhachtach a chuimhnigh sé air le hoidhreacht an Bhlascaoid a chur chun cinn (féach Ich. 7).

Bhí blas na hAlban ar an dá chaint a thug Maureen Kerr agus Norman McLeod faoin teideal “Naisc Ealaíne – An tOileán Tiar agus Na h-Eileann an Iar”. Chuir Maureen síos ar an spreagadh a fuair sí anseo chun a brionglóid féin a leanúint a thug go hoileán St. Kilda í le ceithre-bliana déag, ag obair sa láthair míleata ansin chun cur ar a cumas a pictiúir tarraingteacha do St. Kilda a dhéanamh. Bhí Norman McLeod freisin thar a bheith suimiúil lena chaint “A’coimhead air ais airson gluasad ar adhart – Looking back to move forward”. Is maith is fiú ár gcáirde ó Albain a bheith tugtha inár measc mar chruthaíodar cé go bhfuil éagsúlachtaí ann, is mó go mór an ceangal agus cosúlachtaí idir na hoileáin sa dá thír.



Brenda Ní Shúilleabhadh

Pict: Micheál de Mórdha

Thug Pádraig Ó Siochrú caint ar an gcúlra a bhain leis an obair a bhain le cur le chéile leabhar Cháit Ní Chatháin Uí Dhúibhda (1911-2003), ina leaganacha Gaeilge agus Béarla, saothar a roinn sé le Tadhg Ó Dubhshláine ó Ollscoil Mháigh Nuad. Bhí an leabhar seolta go cumasach le caint ó Phádraig Mac Fheargusa.



Maria Simonds-Gooding i mbun a léachta ag an gCeiliúradh le Neasa Ní Chinnéide mar chathaoirleach.  
Pict: Micheál de Mórda

*More cherished visitors from the USA, (feach Ich. 10).*

*Lucille, Bill and Betsy Hayes had come specially for the launch of Cáit's ("Katie") memoir from their home in Nantucket the celebrated island off the coast of Massachusetts, where Cáit had worked for many years before returning to her native West Kerry.*

Os rud é go raibh comóradh á dhéanamh i 2011 ar bhás Bhrain Uí Nualláin/Myles na gCopaleen, leath-chéad bliain, ba oiriúnach é an Seó Comhaímseartha a léirigh Aistoirí Bhréanainn bunaithe ar eachtraí as a mhór-shaothar Gaeilge, *An Béal Bocht* oiche Dé Sathairn. Mar is dual don gcompántas seo, bhí sárthaispeántas ann as ar bhain an lucht féachana ana-chleachtadh agus taithneamh ar fad

Bhí gné agus léargas eile ar fad ó thaobh ealaíona mar ábhar ag Domhnall Mac Síthigh ina chaint bhrefé ag cur túis leis an Domhnach - an ealaín a bhain déantús na ngnáthúirlisí oibre a bhí ar an leathinis blianta siar - an naomhóg, an turine agus fiú amhhán snáthaid lámh-dhéanta ó Inis Mhic Uibhleáin.

Tháinig deireadh le cainteanna na deireadh seachtaine le haitheasc an fhile clúiteach Theo Dorgan is é ag tabhairt dúshlán maidir le háit na n-ealaíon i gcomhthéacs na stoirm eacnamaíche sa tír i i ndiaidh an Tiogair Ceiltigh: "Fan Innti: Na hEalaíona agus an Stroirm 'tá ag druidim linn" - ábhar a thug a ndóthain cúis mhachnaimh don slua a bhí dílis i gcaitheamh an Cheiliúrtha seo.

Níorbh é sin deireadh ar fad: tar éis do Chathaoirleach na Fondúireachta, Pádraig Firtéar, buíochas a thabhairt don lucht eagraithe agus gach duine a ghlaic páirt sa Cheiliúradh, bhí siúlódí eagraithe ag Áine Uí Dhubbhláine agus Áine Moynihan – conair ealaíne ar an bparóiste, mar aon le taispeántas de scannán Bhrenda Ní Shúilleabháin "Dún Chaoin 40 Bliain", léiriú do chuid Dovinia Teo.

D'eirigh go hiontach ar fad le Ceiliúradh an Bhlascaoid 2011: cruthúnas go bhfuil gnéithe agus réismí den chultúr agus oidhreacht fós le tabhairt chun solais i slite nua, agus go bhfuil lucht féachana líonmhar atá sásta freastal. Ar aghaidh le 2012!

## Ceiliúradh An Bhlascaoid 2012 21-23 Meán Fómhair

### "Tiarnaí Talún agus Tionónáí"

Do shocraigh Coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid le déanaí ar théama na bliana seo chugainn – "Tiarnaí Talún agus Tionónáí". Ceapann an coiste go mbeidh spéisí thar na bearta sa téama áirithe seo agus tá clár den scoth á bheartú faoi láthair. Ar na hábhair éagsúla a bpléifear tá "Aicme na dTiarnaí Talún in Éirinn", "Tiarnaí Talún Chorca Dhuibhne – Lords Ventry agus Cork"; "Cogadh na Talún sa Bhlascaod – Prócadóirí agus Gníomhairí Mallaithe"; "Ionradh na Normannach, a gCaisleán agus Stair na bhFeiritearach in larthar Duibhneach", "Lá Maraithe na bhFear sa Daingean", "Amhráin agus Ceol a bhaineann le Tóir agus Talamh"; Na "Clearances" in Albain, 7rl.

Ba leis na Gearaltaigh – Iarlaí Dheasmhumhain, na Blascaodaí tráth agus iad ar léas uathu sin ag na Feiritéaraigh, ach ó lár na seachtú haoise déag do fuair teaghlaigh móra Sasanach, na Baoilligh nó Iarlaí Chorcaí, seilbh ar na hoileáin agus bhíodar acu gur cheannaigh Bord na gCeantar gCúng an Blascaod Mór uathu i 1907 – ar £500. Is leis an Stát formhór na talún ar an mBlascaod anois.

Beidh breis eolais á thabhairt de réir a chéile ar suíomh idirlín an Cheiliúrtha – [www.ceiliuradh.com](http://www.ceiliuradh.com)



Síulódí an Cheiliúrtha eagraithe ag Áine Uí Dhubbhláine agus Áine Moynihan.

Pict: Francis Úi Chinnéide

## AN CHÉAD DÁ DHUAIS AS “SPARÁNTACHT AN BHLASCAOID” BRONNTA AG DR. MICHEÁL Ó CEARNA AR CHOLM Ó GEALBHÁIN AGUS AR AILSING NÍ SHÚILLEABHÁIN LE LINN CELILIÚRADH AN BHLASCAOID 2011

**Craoladh ar Nuacht RTÉ agus TG4 ar an 24ú Meán Fómhair bronnadh an chéad dá Sparántacht an Blascaoid do luach €1,000 an ceann ar Cholm Ó Gealbháin ó Lios Póil agus Aisling Ní Shúilleabhbáin ón Daingean, le linn Ceiliúradh an Blascaoid ag an Dr Micheál Ó Cearna.**

Chinn an Dr Micheál ar ghníomh a chuirfeadh le buanú oidhreacht an Blascaoid Mhór, inar rugadh agus a tógadh é, tar éis bás agus i gcuimhne ar a bhean céile Máirín anuraidh. Le cabhair óna chlann agus cairde i Springfield Mass. agus anseo in Éirinn, chur sé túis le Sparántacht an Blascaoid, ciste as a dtabharfaí duaiseanna i láthair go cabhair airgid do scoláirí ó Ghaeltacht Chorca Dhuiubhne go bhfuil ardchaighdeán bainte amach acu san Árdteist agus a chruthaíonn suim i gcur chun cinn oidhreacht an Blascaoid agus atá i mbun cúrsaí cuí trí leibhéal.

Cuireadh le chéile treoirlínte maidir le conas an sparántacht a bhainistiú agus proiséas chun buaiteoirí a roghnú agus scaipeadh foirmeacha iarratais i measc na meánscoileanna sa leathinis roimh an samhradh.

Cuireadh an-suim sa Sparántacht i measc na n-ógánach agus i dteannta

le foirm iarratais, cuireadh agallaimh ar na hiarrthóirí. Toisc an ardchaighdeán a léiríodh sna hagallaimh, dhein an coiste cinneadh dhá dhuais a bhronnadh i mbliana, ar an nGealbhánach agus ar iníon Ní Shúilleabhbáin, beirt atá i mbun staidéir i gColáiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimní.

Tháinig an Dr Ó Cearna lena chlann agus clann a gclainne anall as Springfield le haghaidh bronnadh na Sparántachtaí, agus bhí muintir na beirte a ghnóthaigh na duaiseanna i láthair go mórtasach i measc an tslua mhór a bhí bailithe ag Ceiliúradh an Blascaoid, ocáid bhliantúil a reáchtáltar in Ionad an Blascaoid i nDún Chaoin.

“Táim ana shásta ar fad dualadh leis an mbeirt dhéagóirí iontach seo. Táim lánchinnte go mbainfidh siad tairbhe mhaith as an duais seo is go gcuirfidh siad oidhreacht m'oileánín dhúchais chun cinn”, a dúirt an Ceárnach, ar a bronndadh dochtúireacht onórach air féin ó Ollscoil na hÉireann Mhaigh Nuad roinnt blianta ó shin as ucht a shaothar trí na blianta ar son an



Maidhc Ó Cearna lena bhean Maureen Ward i Meiriceá sna 1950aí.

### Bhlascaoid.

Is ar bhonn síntíús priomháideach ó chairde an Blascaoid i Meiriceá agus in Éirinn atá an ciste le-haghaidh na sparántachtaí curtha le chéile.

Dúirt Lorcán Ó Cinnéide, Rúnaí Fondúireacht an Blascaoid, “Táimíd ana shásta a bheith páirteach sa bheart tabhachtach seo chun oidhreacht an Blascaoid a chur ar aghaidh i slí nua agus tá síul againn go raghaidh sé ó neart go neart. Táimíd ana bhúfóch do Mhaidhc as smaoineamh ar an iarracht seo agus a dhíogras á thabhairt chun críche. Guímíd gach rath ar Cholm agus ar Aisling a ghnóthaigh na Sparántachtaí i mbliana”.



An Dr Micheál Ó Cearna ag bronnadh Sparántachtaí ar Phól Ó Geallabháin agus ar Aisling Ní Shúilleabhbáin ag Ceiliúradh an Blascaoid 2011.

Pict: Micheál de Mórdha

Tá fáilte roimh aon síntíús beag nó mór ach iad a sheoladh chuig An Rúnaí, Sparántacht an Blascaoid, Ionad an Blascaoid, Dún Chaoin.

*Contributions either large or small to the Blasket Island Bursary fund to support making the awards in the future are greatly welcomed simply by sending them to the Secretary, The Blasket Island Bursaries, The Blasket Centre, Dún Chaoin, Co. Kerry.*

## Céiliúradh Mháire Mhaith – Ealaín Simonds-Gooding

Catherine Marshall

Déanann *Céiliúradh Mháire Mhaith* agus i Músaem Cathrach Nua Eabhrac-comóradh ar an méid atá bainte amach ag Maria Simonds-Gooding, nó Máire Mhaith mar a thugtaí uirthi, ón gcéad lá a chuir sí fúithi i nGaeltacht Chorca Dhuibhne i 1968. Is mórraibhseach agus suaitheinseach toradh a cuid saothair agus í faoi gheasa ag ceann de na háiteanna is iargúlta in Éirinn, chomh maith le geábhanna a bheith tugtha aici ar áiteanna aduaine agus dainséaracha. Thug leithéidí Cecil King; beathaisnéisí Picasso, Roland Penrose agus Dánlann Betty Parson i Nua Eabhrac (an chéad dánlann a thacaigh le Jackson Pollock agus Mark Rothco) aitheantas dí luath go maith ina cuid saothair agus í coitianta i mbun a cuid ealaíona ar an gCeathrú, i nDún Chaoin.

Ní mór a dhein Máire Mhaith chun í féin a shá chun cinn i rith na mblianta, ach í luite isteach ar a cuid oibre ina ionad. I measc a cuid saothar tá péinteáil thrialach, oibreacha plástair, priontaí atá scaipthe go dtí na ceithre hairde-táid i mainistir Naomh Chaitliona i Sinai

agus i Músaem Cathrach Nua Eabhrac-dearadh taipéise agus, le déanaí, an rud is spéisiúla ar fad, seans, tá sí ag obair go díreach ar dhromchla bhileoga miotal agus tá cuma iontach ar an obair seo. Níor chuir iargúltacht na háite bac uirthi a cuid saothair a fhorbairt agus a sheoladh ar chonairí nua.

Cé go bhfuair sí aitheantas trí choimisiún ó Aire Airgeadais na linne, Cathal Ó hEochaidh, trí duais Carroll a bhuaigh sí ag an IELA i 1970, trí chnuasach Charles Saatchi sna 1980daí agus trí na scannáin agus na cláir fainseise éagsúla a déanadh uirthi, is ar a cuid a dhíríonn sí a haird. Níl aon lúb ar lár sa cheangal atá idir a cuid ealaíona agus an talamh agus muintir an Blascaoid agus Chorca Dhuibhne i gcoitinne, agus go deimhin cuireann sé seo le hardchaighdeán a cuid ealaíona. Is é timpeallacht agus cultúr na háite sin a threoraigh cleachtadh a ceirde, a chomhtharlaigh lena céad turas ar an áit díreach agus í críochnaithe le dhá bliain staidéir in Acadamh Bath.

Ina saol ealaíne go dtí seo tá sí chomh dílis do cheantar Dhún Chaoin agus na Blascaodaí, agus oidhreacht na



Catherine Marshall i mbun cainte ag Céiliúradh an Blascaoid.

Pict: Micheál de Mórdha

háite sin, is atá sí tugtha dá cuid oibre. Ní thagann aon rud eile ina saol in aon ghiorrhacht den dá ní sin. Is díol suntais é an tslí a nascann saothar Simonds-Gooding an pobal seo agus saol na muintire le pobail atá ar an imeall ar fud an domhain mhóir. Bhí ar James Joyce dlúthaithe a bheith aige ar chathair amháin chun scéal uillóch an eispéiris uirbigh a insint agus is léir go gcuireann an fréamhú atá déanta aicí ar an gCeathrú lena tuiscint ar bhólaí eile. Má úsáid James Joyce meafar ó mhíotaseolaíocht na Gréige i *Ulysses* chun síoraíocht na taithí daonna a léiriú, scamhann Simonds-Gooding tionchar neamheisintúil na gciantsa ar an dtalamh chun na nithe a nascann an duine agus an nádúr go díreach le chéile a thaispeáint- an gort, an poll uisce, clocháin na n-aoirí, mar a casadh iad uirthi, pé acu i Mailí, i Goá nó in Inis Mhic Uibhleáin a bhíodar.


Déantar comparáid idir a cuid oibre agus saothar Paul Henry a d'aimsigh a aitheantas ealaíonta nuair a chuaigh sé go hoileán Acla ar chúpla lá saoire i 1911 agus a d'fhan ann go 1919. Tá dílseacht Simonds-Gooding do na Blascaodaí níos ionmláine, áfach. Tá sí ag cur fúithi i dtigh cloiche athchóirithe, a tógadh sa 19ú Aois, agus iompraíodh díon an tí sin ón Oileán Tiar i naomhóig nuair a d'fhág úinéir an tí, Maidhc Faight Ó Sé, a oiléán dúchais. Tá cuid den troscán ón seanthig chomh maith le pictiúir bheannaithe Mhaidhc a bhí ar an bhfalla coimeádta go haireach ag Maria. Is léir an dílseacht sin chomh maith ina cuid líníochtaí ar shampla de



An tAire Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan, T.D ag oscailt thaispeántas "Súil Siar Mháire Mhaith" san ionad agus an t-ealaíontóir féin, Maria Simonds-Gooding.

Pict: Ted Creedon

chlasaicigh na litríochta Eorpaigh: An tOileánoch le Tomás Ó Criomhthain agus, mar a dhein Derek Hill i dTóraí, sa tstí a spreag sí file an Bhlascaoid, Micheál Ó Gaoithín, dul i mbun péinteála le linn dó bheith ag faire uirthi ag péinteáil agus é druidte isteach san aois. Mheasc Simonds-Gooding eilimintí den Nua-Aoiseachas chun oidhreacht síoraí na timpeallachta a léiriú, rud a bhí éagsúil ó Paul Henry, a d'fhág oiléan Acla tar éis naoi mbliana ach a lean an stíl phéinteála chéanna an chuid eile dá shaol. Agus í ina seachtoidíanois, tá sí fós ag aimsiú modhanna nua agus meáin nua chun taifead a dhéanamh ar na comharthaí is tábhacthaí atá ann riamh, dar léi, de challshaoth an duine daonna.



Tá sé tábhactach go n-aithneodh agus go dtuigfeadh gach glúin é seo-cad as ar thángamar agus cad is féidir leis an duine a dhéanamh chun fáis agus chun marthanachta. Tá Corca Dhuibhne, agus Éire ar fad, ag athrú; tá an domhan ag athrú. Tá tuiscint dhúchasach ag Simonds-Gooding ar an tábhacht a bhaineann lena n-oidhreacht a chur ar a síle don phobal, mar rud a bhuanaíonn an tsláinte spioradálta agus a chothaíonn an neart agus na scileanna atá riachtanach don todhchaí. Tá sé sin fíor go háirithe nuair a bhíonn luachanna ársa á gcreimeadh ag nósanna maireachtála uirbeacha nua agus nuair nach aon scéal nua na hathruithe neamhghnácha atá ag teacht ar an saol.

Catherine Marshall: First Head of Collections at the Irish Museum of Modern Art; author of *Irish Art Masterpieces* (1995) and *Making Visual Art Visible* (2002); editor of numerous collections and catalogue essays on contemporary Irish artists; lectured at Trinity College Dublin and the National College of Art and Design; former chairman of the Irish Association of Art Historians; former board member of the Douglas Hyde Gallery in Dublin; currently joint commissioning editor for a history of Irish art of the 20th Century.

## The Art of Maria Simonds-Gooding

*Ceiliúradh Mharia Mhaith* celebrates the achievements of Maria Simonds-Gooding who has been based in the west Kerry Gaeltacht since 1968. Her career has been both spectacular and unique, combining journeys to isolated and often dangerous destinations, early recognition by such people as Cecil King, Picasso's biographer Roland Penrose and the Betty Parsons Gallery in New York (the gallery that first supported Jackson Pollock and Mark Rothko) and a life devoted to art-making in Ceathrú, Dún Chaoin.

Simonds-Gooding has done little to promote herself over the years, concentrating instead on making the work. But this has embraced experimental painting, plaster works, prints which are to be found as far afield as the monastery of Saint Catherine in Sinai, and the Metropolitan Museum in New York, tapestry design and most recently, and, perhaps most exciting of all, she has started to work directly into the surface of large sheets of metal to amazing effect. Isolation has not prevented the development and expansion of her practice into new directions.

Despite recognition in the form of a commission from then Minister for Finance, Charles J Haughey, winning the Carroll's prize at the IELA in 1970, collection by Charles Saatchi in the 1980s and various films and documentaries about her, Simonds-Gooding's concentration on her work is fierce. In addition to the artwork itself, the seamless way it emerges from and is connected to the land and the people of the Blaskets and the Dingle Peninsula is a sign of its quality. It is the landscape and the culture of that area that defined the direction her art practice has taken, coinciding with her first visit there just as she was finishing two years of study at the Bath Academy.

In her life her concentration on her work is equalled only by her dedication to the area around Dún Chaoin and the Blasket islands, and its heritage. What is significant is the way Simonds-Gooding's work links this community and its lifestyle into communities living on the edge of survival everywhere. Just as James Joyce had to know one city intimately in order to create a universal account of urban experience, so her rootedness

in Ceathrú, sharpens her vision of other places. If in *Ulysses*, James Joyce used a metaphor from Greek mythology to bring out the timelessness of human experience, Simonds-Gooding pares away the inessential accretions of time on the land to show the essential cords that bind man and nature together – the field, the water hole, the herdsman's clochán, as she encountered them, whether in Mali, Goa or Inis Icileáin.

Comparisons are sometimes made between her work and that of Paul Henry who discovered his artistic identity when he visited Achill for a short holiday in 1911 and stayed there until 1919. Simonds-Gooding's commitment to the Blasket Islands is more total. She lives in a restored 19th century stone cottage, the roof of which was carried by boat from the island when the Blaskets were evacuated in the early 50s and has retained its original furniture, even to the holy pictures on the walls. That commitment is evident too in her illustrations to such classics of European literature as *An tOileánoch* by Tomás Ó Criomhthain and, like Derek Hill on Tory, her discovery and encouragement of the Blasket poet, An File, Micheál Ó Gaoithín, when, as an old man seeing her painting, he decided to try it himself. Unlike Paul Henry who left Achill after nine years but continued to paint similar paintings for the rest of his life, Simonds-Gooding combined elements of Modernism to represent the timeless heritage of the landscape. Now in her seventies, she continues to find new methods and new media to record what she sees as ever more important signs of man's struggle.

Recognition and understanding of that, of where we have come from and what mankind can do to survive and grow, are important in every generation. The Dingle Peninsula, like Ireland, is changing; our world is changing. Simonds-Gooding instinctively recognises that public reminders of heritage are important to maintain spiritual health, and to nurture the strengths and skills necessary for the future. This is especially true when age old values are eroded by new urban lifestyles and extraordinary global change is a new constant.

## An Béal Bocht

Tá clú is cáil ar Bhrian Ó Nualláin (Myles na gCopaleen) as an leabhar *An Béal Bocht* a chumadh. De bharr gur saolaíodh Brian céad bliain ó shin, tá comóradh is ceiliúradh a dhéanamh ar a shaol is a shaothar i mbliana. Mar chuid den gceiliúradh san ar a shaothar, d'iarr coiste Cheiliúradh an Blascaoid ar Aisteoirí Bhréanainn léiriú gearr stáitse a dhéanamh ar an leabhar *An Béal Bocht* le bheith mar chuid d'imeachtaí an Cheiliúrtha in Ionad an Blascaoid i Meán Fómhair 2011. Déanadh san faoin ainm 'Magadh fé Mhagadh'.

Tá Aisteoirí Bhréanainn fíor bhuíoch don Ath. Thomás Ó hÍceadha as stiúradh a dhéanamh ar an léiriú san. Táid, chomh maith, buíoch do leanaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí Scoil Dhún Chaoin as a bpáirt sa taispeántas, as a gcabhair is a dtacaíocht. Mórbhuíochas, chomh maith, d'Ealaín na Gaeltachta as a gcúnamh.



Leanaí Scoil Dhún Chaoin: Gwendolin Lieb leis na muca beaga.



Conal Ó Dúgáin,  
Máirín Ní Bhroinn  
(Múinteoir), Liam Ó hÓgáin,  
Orfhlaithe Ní Dhúgáin,  
Triona Ní Shúilleabháin,  
Eoin Ó Súilleabháin,  
Maryann Ní Laoithe  
(Múinteoir), agus thusa:  
Máire Ní Maoileoin agus  
Colm Ó Bric.

## Cé hlad?

Seo pictiúr atá ag Frances Uí Chinnéide, Dún Chaoin, a thaispeánann grúpa i mbun scannánaíochta ar Ché Dhún Chaoin mar chuid den scannán, *The Islandman*, a bhí déanta ar an mBlascaod sa bhliain 1937. Déantar amach gur chuid den gcuimhne is ea an triúr ar chlé, ach is léir gur muintir na háite iad an triúr eile.

Má tá fhios ag éinne cé hiad, bheadh suim againn a n-ainmneacha a fháil, nó fiú, buille faoi thuairim.

– Eagarthóir



## Il était une fois dans l'Ouest

Olivier le Bussy, Mis en ligne le 15/10/2011

*Seo alt a scrígh Olivier le Bussy, ón nuachtán La Libre Belge, tar éis dó cúpla lá a chaitheamh i nDún Chaoin agus sa Daingean an samhradh seo.*

*Voici le reportage de Olivier le Bussy, La Libre Belge, qui a visité Dún Chaoin et An Daingean il y a quelques semaines.*

**DÚN CHAOIN, dernier village à l'ouest de l'Union, fut une terre de fermiers, de pêcheurs et de conteurs. Les temps ont changé. Reste la langue irlandaise, dont la préservation passe par la culture et l'économie.**

Next parish, America – la prochaine paroisse, c'est l'Amérique. Sis à l'extrémité de la péninsule de Dingle, dans le comté de Kerry, en Irlande, Dún Chaoin (Dunquin, en anglais) est en effet le dernier lieu habité à l'ouest de l'Union européenne (si l'on excepte les îles et autres possessions d'outre-mer de certains Etats membres). Adossé au mont Eagle, le regard tourné vers l'Atlantique, ce village de 159 âmes est posé dans un décor de carte postale. Les eaux grises de l'océan virent au bleu turquoise avant de s'écraser sur les rochers dans un fracas d'écume. Mouchetés de moutons ou de bovins, des pâturages s'élèvent sur les flancs des montagnes dont les sommets polis par l'érosion capturent les nuages. Sous un ciel capricieux se dégagent les silhouettes des îles Blasket, dernier arrêt avant le grand large.

Rien d'étonnant que le réalisateur britannique David Lean ait choisi le promontoire d'An Dún Mór – le point le plus occidental de l'Union – pour tourner des scènes de "La Fille de Ryan" (1970). Ou qu'un autre Britannique, Paul Hockings, soit venu en 1967 à Dún Chaoin afin de réaliser pour l'université de Californie un documentaire sur le mode de vie d'une communauté de l'Irlande rurale. En 2008, Hockings est revenu tourner une suite qui montre l'évolution de l'endroit.

Le changement est peut-être moins marqué qu'ailleurs en Irlande, où les services et le commerce ont pris le pas sur l'économie traditionnelle, mais il est perceptible.

Après avoir vécu à Sligo, au Nord ouest de l'Irlande, mais aussi deux ans en Libye, John Kennedy et son épouse Frances sont revenus s'installer en 1974 à Dún Chaoin, dans la maison construite à la fin du XIXe siècle par le grand-père

de Frances. Aujourd'hui retraité de l'enseignement, John Kennedy – sans doute le seul Irlandais à posséder des disques en wallon du Verviétois Guy Cabay, croisé jadis en Belgique – est très actif dans la communauté locale. Dont il a pu mesurer la transformation au cours des dernières décennies. Il se rappelle qu'il y a trente-cinq ans, quand il parcourait quotidiennement cinquante kilomètres pour aller travailler à Tralee, chef-lieu du comté, les gens le regardaient comme un fou. "Mais aujourd'hui, tout le monde travaille hors de Dún Chaoin, notamment à Dingle", la ville de deux mille habitants qui a donné son nom à la péninsule. "Ici, le tourisme s'est développé sur une base saisonnière. Il y a quatre ou cinq Bed & Breakfast, l'atelier de poterie avec son magasin, et un petit café... Mais les hôtels et les restaurants sont à Dingle. Hormis le Blasket center, il n'y a pas de pourvoyeur d'emploi ici."

Inauguré en 1993, le splendide musée – dont la construction fut financée aux trois quarts par des fonds européens – entretient l'héritage historique et culturel des îles Blasket, dont la principale est située à 2 km de Dún Chaoin. Pendant des siècles, y vécurent, isolés, jusqu'à deux cents personnes subsistant grâce à l'agriculture et à la pêche. Jusqu'en 1953, où les vingt-deux derniers habitants abandonnèrent définitivement l'archipel. Au-delà du caractère exceptionnel de cette rude existence autarcique, les îles sont réputées pour avoir produit un nombre considérable de figures de la littérature en langue irlandaise, dont la conteuse Peig Sayers et les romanciers Tomás Ó Criomhthain, Muiris Ó Súilleabáin. "Il n'y avait pas d'électricité, pas d'eau courante et rien d'autre pour se divertir que de raconter des histoires, explique Micheál de Mórdha, conservateur du musée. Ces gens parlaient de la littérature. Fin XIXe et début XXe, des linguistes et des chercheurs sont venus étudier la culture des îles et ont tracé le lien avec la société grecque du temps d'Homère. Ces milliers d'histoires forment un ensemble épique et expliquent les mystères de la vie. Les linguistes ont appris aux îliens à écrire dans leur propre langue, puis ces récits ont été publiés et traduits."

Environ 20% des 45000 visiteurs annuels du centre sont américains. Nombre d'entre eux sont originaires de Springfield, dans le Massachusetts, où se sont concentrés, en couches successives, les émigrants venus des îles Blasket. Le splendide centre permet à leurs descendants

de humer l'atmosphère d'une époque révolue.

Car depuis, le temps s'est accéléré, les distances se sont raccourcies, entraînant l'évolution du village. "En 1974, beaucoup de fermiers allaient porter leur lait à la crèmerie du village. Aujourd'hui, il n'y en a plus qu'un qui a des vaches laitières, et il prendra sa retraite à la fin de l'année", témoigne John Kennedy.

Pádraig Ó Scannláin confirme la perte de vitesse de l'agriculture locale. L'homme travaille en Allemagne, à Hanovre, dans une entreprise qui produit des semences, mais effectue fréquemment l'aller-retour pour gérer la ferme familiale avec son père octogénaire. "Nous élevons soixante-sept agneaux, explique Pádraig. J'ai vendu les vaches laitières, il y a quelques années. Cela demandait des investissements trop lourds, alors que le prix du lait était en chute libre."

A Dún Chaoin, le nombre de fermiers qui vivent uniquement de l'agriculture se compte sur les doigts d'une main. L'Irlande a rejoint la Communauté économique européenne en 1973, mais la Politique agricole commune (Pac) n'a guère servi les intérêts des fermiers locaux, estime Pádraig. "C'est une politique trop uniforme qui ne reflète pas la diversité de l'agriculture en Europe. Des régions comme celles-ci auraient dû être dispensées de certaines règles. L'instauration des quotas laitiers a découragé les fermiers. Alors les gens se sont tournés vers le mouton ou le bœuf, ajoute-t-il. Bien sûr, l'argent (des aides européennes) est important, mais vérifier la boîte aux lettres pour voir si le chèque est arrivé n'est pas très motivant. L'approche de la Pac est tournée vers le marché. Mais l'agriculture, ce n'est pas que de l'argent, c'est aussi un mode de vie."

Ce n'est pas Donncha Ó Céileachair qui le contredira. Instituteur à Dingle pendant les mois d'hiver, il enfile son costume de berger à la belle saison, pour s'occuper des moutons qu'il élève sur trois des îles Blasket. Un défi un peu fou, de son propre aveu. "C'est difficile d'accès, il y a du vent, il est compliqué et dangereux de rassembler les moutons avec ces falaises. On dort sur place, mais il faut tout prévoir parce qu'on peut rester bloqué des semaines si la mer est mauvaise. C'est un boulot physique, un casse-tête logistique... Mais j'aime l'idée que je fais un travail que personne d'autre ne veut faire." Et de souligner combien les règles européennes peuvent être en décalage avec la réalité du terrain. "Tous les moutons doivent être marqués. Si un inspecteur vient, on doit pouvoir situer chaque bête. Mais ce n'est pas comme s'ils étaient dans une prairie voisine. Il est difficile de tenir les papiers à

jour." Il regrette aussi que l'Europe l'oblige à parcourir 100 km pour trouver un abattoir agréé, à Killarney – "un voyage inutile qui stresse les bêtes". D'ailleurs, il réserve les meilleures d'entre elles à un boucher du coin qui vend la viande à la population et aux restaurants locaux. "La nourriture locale pour les locaux, c'est une philosophie qui me plaît", commente Donncha. "C'est ça qu'il faut développer à l'avenir", juge aussi Pádraig, qui estime qu'il y aura toujours de la place pour l'agriculture dans la péninsule.

